



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

Annual Report

For the year ended 31 December 2013



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

Tuarascáil Bhliantúil

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2013

Clár

1	Ráiteas an Chathaoirligh	2
2	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta	5
3	Beartais Chuntasaíochta NESDO	12
4	Ráiteas Airgeadais NESDO	15
5	Aguisín 1: Comhaltas Bhord NESDO	24
6	Aguisín 2: Comhaltas Chomhairle NESC	24
7	Aguisín 3: Ráiteas Airgeadais arna shíniú ag Bord NESDO chomh maith le Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.	26

Caibidil 1

Ráiteas an Chathaoirligh

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach (NESDO) faoin **Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006**. Tá sé mar chuspóir ag NESDO, comhairle a thabhairt don Taoiseach maidir leis na cúrsaí straitéiseacha ar fad a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialach sa Stát. Ar dtús, bhí trí chomh-chomhlacht faoi NESDO, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC), an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESF) agus an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (NCPP). Díscaoileadh an dá chomhlacht a luaitear ar deireadh in 2010.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil don NESC, agus cuireann NESDO na tuarascálacha, na moltaí agus na conclúidí ar fad a eascraíonn as tionscadail an chomhlachta sin faoi bhráid an Rialtais. Déanann NESDO na socruithe maidir leis na nithe sin a fhoilsiú chomh maith.

Leagtar síos ceanglais rialachais chorparáidigh na hOifige sna **Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta agus Beartais NESDO**. Rinneadh athbhreithniú ar na treoirlínte in 2010, chun go n-áireofaí na ceanglais faoi leith a bhí leagtha síos sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus chun go ndéanfaí na hathruithe reachtúla eile a tharla agus a cuireadh i bhfeidhm ó dréachtaíodh na Treoirlínte den chéad uair a áireamh. Ceadaíodh na Treoirlínte athbhreithnithe ag cruinniú an Bhoird i mí an Mheithimh 2011. Déanfar athbhreithniú ar na Treoirlínte arís in 2014. Táim sásta go bhfuil na Treoirlínte á gcomhlíonadh go hiomlán.

Tháinig **Coiste Iniúcháireachta NESDO** le chéile aon uair amháin in 2013. Le linn na bliana bhí comhaltas an Choiste mar a leanas:-

- An tUasal John Hynes (Cathaoirleach)
- An tUasal Ray Henry, Roinn an Taoisigh
- An Dr. Helen Johnston, NESDO.

Baineann an Coiste Iniúcháireachta úsáid as acmhainní Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí Roinn an Taoisigh chun a iniúchtaí a dhéanamh. Tá sé mar chuspóir ag iniúchadh inmheánach, éifeachtúlacht agus acmhainneacht an chórais rialaithe inmheánaigh a chinntiú do Bhord NESDO. Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta mar acmhainn don Bhord agus do bhainistíocht NESDO trína anailís agus a bhreithmheas ar chórais rialaithe NESDO. Áirítear ansin ullmhúchán agus cúrsaíocht ar mhúnlaí cineálacha 'Dea-Chleachtais' arna gcur faoi bhráid bhainistíocht agus Bhord NESDO. Féadfaidh iniúchadh inmheánach feidhmiú mar acmhainn chomhairleach ar thionscadail atá faoi fhorbairt chun cumas a mbearta rialaithe a chinntiú.

Faoi choimirce Choiste Iniúcháireachta NESDO, rinneadh iniúchadh inmheánach ar

íocaíochtaí agus ar éilimh thaistil agus chothabhála ar an tréimhse ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2013. Mar phríomhthoradh ar an iniúchadh, bhí na héilimh thaistil agus chothabhála agus na híocaíochtaí ar fad a scrúdaíodh de réir treoirlínte agus rialacháin na Roinne Airgeadais, mar atá leagtha síos sna Treoirlínte maidir le Beartais agus nósanna imeachtaí NESDO.

Déanann **Nósanna Imeachta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais NESDO**, na caighdeáin agus na nósanna imeachta cuntasáíochta ar fad a dhoiciméadú, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hairgead tirim, le párolla, le fáltais, le híocaíochtaí, le taisteal agus costais, le soláthar, le sócmhainn sheasta, le slándáil IT, le rialú buiséid agus le coinneáil agus bainistíocht taifead. Dearbhaím nach ndearnadh aon cheann de na nósanna imeachta sin a shárú le linn 2013, agus go ndearnadh na ceangaltais maidir le beartas taistil an Rialtas a chomhlíonadh go hiomlán.

Is é an duine céanna a fheidhmíonn mar Phríomhoifigeach NESDO agus a fheidhmíonn mar Stiúrthóir NESC. Íoctar an duine sin maidir lena phost mar Stiúrthóir NESC agus ní fhaigheann sé aon luach saothair breise, díolaíochtaí ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach. Íoctar gach ball foirne NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir de réir ciorclán iomchuí pá arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus táim sásta go bhfuil na ciorcláin á gcomhlíonadh go hiomlán.

Déanann an **tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997** foráil maidir le híocaíocht úis a dhéanamh le soláthraithe nach bhfaigheann íocaíocht ar a sonraisc ar an dáta forordaithe (30 lá tar éis an tsonraisc a fháil go hiondúil). Tá NESDO tiomanta dá hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht sin, agus cloíodh lena bheartas maidir le híocaíocht a dhéanamh ar na sonraisc ar fad taobh istigh de na creataí ama forordaithe le linn na bliana. Rinneadh nócha trí faoin gcéad d'íocaíochtaí na hOifige taobh istigh de 15 lá ó dháta fála na sonraisc. Ní raibh NESDO faoi dhliteanas ús a íoc maidir leis an bhforáil a bhaineann le híocaíochtaí ar riaráiste.

Dearbhaím nár tharla aon imeachtaí móra tar éis dháta an chláir chomhardaithe.

Feidhmíonn NESDO mar rannpháirtí gníomhach sa tionscnamh **'Green Team'**, a bhfuil de chúram air ídiú fuinnimh a laghdú ar fud an fhoirgnimh ar fad agus lena n-áirítear na heagraíochtaí ar fad a áitíonn an foirgneamh ag 16 Cearnóg Parnell Thoir. Rinne gníomhaíochtaí a thóg an 'Green Team' le linn 2013, ídiú fuinnimh san fhoirgneamh a laghdú 11%. Tá sé mar chuspóir ag an 'Green Team' ídiú fuinnimh a laghdú 5% eile in 2014.

Martin Fraser

Cathaoirleach

An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach

Caibidil 2
An Chomhairle
Náisiúnta
Eacnamaíoch agus
Shóisialta

Clár Oibre NESC 2013

Foilsíodh dhá thuarascáil le NESC in 2013, le cúig dhoiciméad eolais Rúnaíochta eile a d'eascair as an obair a rinneadh ar an nGéarchéim Chúigchodach, Cúig Bliana Dár gCionn. Ba iad sin;

Gnéithe Sóisialta na Géarchéime: (Tuarascáil NESC, Uimh. 134): Ag bailiú le chéile réimse leathan fianaise, léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil formhór na ndaoine in Éirinn faoi thionchar na géarchéime, ar mhéid éigin ar a laghad ar bith. Ar an iomlán, tá titim i rachmas agus/nó in ioncam feicthe ag formhór na dteaghlach in Éirinn ó chlis an geilleagar in 2008. Ar an tionchar sóisialta is suntasaí ar an ngéarchéim eacnamaíochta tá an t-ardú mór agus leanúnach ar na figiúirí dífhostaíochta agus, an t-ardú ar líon na dteaghlach nach bhfuil aon duine fostaithe. Thug an tuarascáil léargas ar bhealaí eile ina raibh daoine faoi thionchar na géarchéime, i dtéarmaí sláinte, i gcuidreamh teaghlaigh agus i dtéarmaí meabhairshláinte. Ina theannta sin, thug an tuarascáil léargas ar thábhacht na seirbhísí poiblí, sheirbhísí oideachais agus sláinte mar shampla, a soláthraíodh do na daoine sin atá soghonta go mór mhór. Tá ardú tagtha ar éileamh na seirbhísí poiblí mar thoradh ar an ngéarchéim, cé go bhfuil laghdú tagtha ar chaiteachas poiblí do sholáthar seirbhísí ag an am céanna.

Géarchéim Cúigchodach na hÉireann, Cúig Bliana Dár gCionn : Athchóiriú níos Doimhniú agus Nuálaíocht Institiúide (Tuarascáil NESC, Uimh. 135). Ag cur le dhá thuarascáil de chuid an NESC a tháinig amach níos luaithe maidir le Géarchéim Cúigchodach na hÉireann, (arna fhoilsiú in 2009), rinne an tuarascáil seo anailís ar dhul chun cinn an gheilleagair, chomh maith le hanailís ar na tosca náisiúnta agus idirnáisiúnta a cháilíonn an téarnamh geilleagrach.

Déanann an tuarascáil gníomhaíocht beartais shuntasach agus nuálaíocht institiúide a dhoiciméadú i ceithre réimse roghnaithe: airgeadas agus infheistíocht SME, beartas fiontraíochta, agus an geilleagar a ghlasú agus a ghníomhachtú. Maidir le cúrsaí airgeadais, is tionscnamh tábhachtach é bunú an Ghrúpa Comhlachtaí Stáit, nár chóir a áireamh mar áis shealadach ach, mar chéim a chruthaíonn caidreamh nua idir airgeadas agus an fíorgheilleagar, dar leis an gComhairle. Déanann an Plean Gnímh maidir le Poist (beartas fiontraíochta) agus Bealaí chun na hOibre (beartas gníomhachtaithe) athruithe spéisiúla ar fhoirmliú agus ar mhonatóireacht chlár oibre athchóirithe. Chomh maith le luach na nuálacha sin a dhearbhu, aithníonn an Chomhairle na bealaí ina bhféadfaí na hathchóirithe sin a mhéadú agus a ghinearálú.

Is dúshlán faoi leith é teacht ar bhealaí le saincheistean a fhiosrú, bealaí neamhshonraithe a éilíonn nuálaíocht.

Bunaithe ar an anailís seo, cuirtear an tuairim chun cinn sa tuarascáil go bhfuil sé riachtanach anois trí chineál éagsúla athchóirithe a chomhtháthú agus a chothromú san earnáil phoiblí: (i) athchóiriú atá fioscach-bhunaithe, a léiríonn an gá le comhdhlúthú agus le smacht fioscach; (ii) athchóiriú suntasach ar sheirbhísí agus ar chláir chun rathúnas a chinntiú amach anseo, chomh maith le hardleibhéal rannpháirtíochta agus le cuimsiú sóisialta; agus, (iii) athchóiriú atá córas-bhunaithe: córais straitéise, ceapadh beartais agus córais chaighdeán agus freagrachta a chruthú atá riachtanach chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh, agus chun feabhsú leanúnach agus oiriúnú beartais a chinntiú. Tugann an tuarascáil le fios, maidir leis an tasc seo, go mbeidh sé indéanta an straitéis lárnach maidir leis an earnáil cíosa phríobháidigh a chur ar an eolas agus a chothú tríd an méid atá bainte amach in earnálacha faoi leith a thógáil san áireamh, mar atá luaite agus a ndearnadh doiciméadú orthu sa tuarascáil seo, nó a ndearnadh staidéar orthu in obair na Comhairle ar Chaighdeán agus ar Fhreagracht in Acmhainní Daonna roimhe seo. Tá sin amhlaidh de bharr gur léirigh réimse leathan d'eagraíochtaí earnála poiblí na hÉireann an meascán den nuálaíocht, de chaighdeán agus den fhreagracht a bhfuil an Rialtas tiomanta arna bhaint amach ar scála níos leithne. Luaitear sa tuarascáil gurb é an dúshlán is mó ná nuálaíocht agus freagracht a mhéadú ag an túsline agus lárionad tacaíochta a thógáil, a bheidh in acmhainn dea-chleachtas a scaipeadh, chomh maith le beartas foghlama agus athbhreithnithe a chur chun cinn.

Foilsíodh Tuarascáil Tionlacain Uimh. 135, agus cúig dhoiciméad eolais Rúnaíochta chomh maith. Tá achoimriú déanta thíos.

San ***Athbhreithniú ar Fhorbairtí i mBaincéireacht agus in Airgeadas*** (Páipéar Cúlra ó Rúnaíocht an NESC, Uimh. 5) rinneadh tionscnaimh agus gníomhaíochtaí beartais reatha i mbaincéireacht agus in airgeadas in Éirinn agus san Eoraip a phlé. Cuirtear an tuairim chun cinn, go mb'fhéidir go bhfuil córas airgeadais á chruthú trí oibreacha Rialtas na hÉireann, ina bhfuil ceangail níos doimhne arna bhforbairt leis na bainc agus le soláthraithe airgeadais agus le cuideachtaí eile, le gnóthais SME ach go háirithe. Tugtar le tuiscint go bhfuil sé tábhachtach na forbairtí seo a fheiceáil mar chuid de thionscadal fadtéarmach, is é sin cur leis an gcumas tacú leis an bhfíorgheilleagar agus freastal ar dhúshlán forbraíochta fadseasmhach na hÉireann, is é sin cur le cumas fáis na ngnóthas SME; agus gan féachaint orthu mar fhreagairt shealadach ar an ngéarchéim. Cuirtear an tuairim chun cinn sa doiciméad seo freisin go bhfuil roinnt forbairtí institiúide eile ann atá indéanta. Ar an gcéad dul síos, go leanfadh Éire ag lorg acmhainní airgeadais nuálacha fadtéarmacha ag leibhéal na hEorpa, an ról a bheadh ag banc infheistíochta stáit san áireamh. Ar an dara dul síos, is gá go ndéanfaí tuilleadh cainte ar an rialú a dhéantar ar rialú san earnáil airgeadais agus baincéireachta, lena chinntiú go bhféadfaidh an córas atá ag teacht chun cinn torthaí a sheachadadh a bheidh mar leas tairbhíúil do na bainc, do ghnóthaí, do shaoránaigh agus don stát. Ina theannta sin, tá gá leis an gcumas fiosrú agus cíoradh a dhéanamh ar shaincheistean straitéiseacha, mar cheanglais chaipitil, struchtúir agus foirmeacha baincéireachta agus an earnáil baincéireachta amach anseo, lena chinntiú go ndéanfar smaointe malairte a aithint agus a bhreithniú.

Beartas Fiontraíochta agus Fostaíochta (Páipéar Cúlra ó Rúnaíocht an , Uimh. 6).

Díríonn an páipéar seo ar fhostaíocht agus ar na modhanna ina bhfuil beartas fiontraíochta ag freagairt don dúshlán sin. Osclaíonn an páipéar le léargas ginearálta gearr ar an dúshlán fostaíochta. Tá beartas fiontraíochta éifeachtach mar chuid amháin den fhreagairt riachtanach ar an dúshlán seo. Tá réimse beartas maicreacnamaíoch, margaidh fostaíochta agus gníomhachtaíthe riachtanach chun an bhearna fostaíochta a laghdú. Díríonn an chuid eile den pháipéar ar ról an bheartais fiontraíochta, is fiú a lua ag an tús áfach, fiú má dhéantar na spriocanna ‘fiontraíochta’ agus ‘poist’ a bhaint amach go hiomlán, beidh dúshlán suntasach fostaíochta fós le sárú. Is mó tuairimeach ná cinntitheach atá an doiciméad. Bhí sé mar chuspóir ag an bpáipéar tacaíocht a sholáthar do dhíospóireacht ag an gComhairle faoi cibé an bhfuil beartas fiontraíochta ag tástáil gach uile bhealach agus ag obair chomh crua agus is féidir chun bealaí a thacóidh le cruthú fostaíochta a aimsiú.

An Gheilleagair a Glasú: Dúshlán agus Féidearthachtaí chun Inbhuanaitheacht a Chomhtháthú i bPríomhbheartas Rialtais (Páipéar Cúlra ó Rúnaíocht an NESC, Uimh. 7). Ná bealaí ina bhféadfaí na leasa a bhaineann lenár gcomhshaol nádúrtha a chaomhnú agus a úsáid chun tacú le téarnamh inbhuanaithe fadtéarmach gheilleagar na hÉireann, sin í an cheist uileghabhálach a ríomhtar sa pháipéar seo. Lena fhiosrú conas a bhféadfaí na sineirgí idir an geilleagar agus an comhshaol a uasmhéadú, féachann an páipéar seo ar an gceist ar roinnt bealaí. Tugann gach ceann acu le tuiscint gur gá comhtháthú leathan a dhéanamh, seachas glacadh leis go dtarlóidh an comhtháthú idir gheilleagar agus comhshaol mar fhreagairt ar straitéis uileghabhálach, nó go dtarlóidh an comhtháthú in imeacht ama mar fhreagairt ar ghníomhaíocht ón mbonn aníos. Éilíonn comhtháthú cur chuige atá ilghnéitheach.

Beartas Gníomhachtaíthe (Páipéar Cúlra ó Rúnaíocht an NESC, Uimh. 8). Tugann an doiciméad seo forbhreathnú ar an mbeartas Bealaí Chun na hOibre (an chéad leagan in 2012 agus an leagan a tháinig ina dhiaidh sin in 2013); agus breac-chuntas ar an dul chun cinn a rinneadh maidir lena chur i bhfeidhm, agus ar na próisis institiúide agus nuálaíochta ghaolmhara, chomh maith le tagairt d’fhorbairtí institiúide breise.

Praghas do Thomhaltóirí (Páipéar Cúlra ó Rúnaíocht an NESC, Uimh. 9). Scrúdaíonn an doiciméad seo praghsanna do thomhaltóirí na hÉireann. Déantar cur síos ar phraghsanna na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile an AE, agus ar na hathruithe a tharla ó lár na 1990-idí. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an bpáipéar seo scrúdú a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar phraghsanna na hÉireann, praghsanna atá sách ard i gcomparáid le tíortha eile an AE. Déantar breithniú ar an méid a chuireann cineálacha éagsúla costais leis sin, ina measc costais oibriúcháin, costais mhiondíola, costais earraí, costais saothair agus costais eile. Déantar na héagsúlachtaí a bhaineann le comórtas, le rialachán agus le héileamh a phlé. Scrúdaíonn an doiciméad na tionchair earnála ar phraghsanna na hÉireann maidir le grósaeireacht agus le cógaisíochtaí chomh maith. Cé gur tháinig laghdú ar phraghsanna bia le blianta beaga anuas, is léir go bhfuil praghsanna bisigh fós i bhfeidhm sa tír, i gcoibhneas le praghsanna sa Ríocht Aontaithe. Tá caiteachas ar chógaisíochtaí mar chuid bheag de chaiteachas iomlán an tomhaltóra, ach is díol spéise an réimse seo, mar gheall go mbíonn praghsanna bisigh atá an-ard ann agus cuirtear sásraí maidir le cinneadh praghsanna ar leith i bhfeidhm. Ar deireadh, déanann an páipéar achoimriú ar réimse tosca atá in ann míniú a thabhairt ar phraghsanna tomhaltóra atá os cionn an mheáin sa tír seo.

Cruinnithe Idirnáisiúnta Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta Bhallstáit an AE (ESC)

Ghlac an NESC páirt i gcruinnithe bliantúla Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta bhallstáit an Aontais Eorpaigh, a d'óstáil Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Gréige san Aithin. Ag cruinniú na nArd-Rúnaithe i mí Aibreáin, roinn na Comhairlí a dtuairimí lena chéile trí phlé ar chúrsaí sóisialta agus ar chúrsaí sibhialta maidir le gach ballstát le linn géarchéime sa bhaile agus san Eoraip. Ag cruinniú na nArd-Rúnaithe agus na nUachtarán i mí na Samhna, rinneadh dúshlán fhostaíocht na n-óg a phlé; chomh maith le beartais ghníomhachtaithe (Eorpacha agus náisiúnta) agus pléadh tionscnaimh shochaí a sholáthródh dearchtaí dearfacha.

Cruinnithe NESC a Eagraíodh Le Linn 2013

Tháinig an Chomhairle le chéile ar 11 ócáid faoi leith ar na dátaí seo leanas.

- An 18 Eanáir
- An 15 Feabhra
- An 15 Márta
- An 19 Aibreán
- An 17 Bealtaine
- An 21 Meitheamh
- An 19 Iúil
- An 20 Meán Fómhair
- An 18 Deireadh Fómhair
- An 15 Samhain
- An 20 Nollaig

Gníomhaíochtaí eile de chuid NESC in 2013

Le linn 2013, rinne Rúnaíocht NESC cuir i láthair iomadúla ar obair na Comhairle, bhí

sí páirteach i réimse comhdhálacha, le seimineáir agus le ceardlanna agus freastalaíodh ar roinnt coistí agus ar roinnt grúpaí oibre. Ta roinnt de na gníomhaíochtaí sin liostaithe thíos.

Bhí an Stiúrthóir, **an Dr. Rory O'Donnell** mar chomhalta ar na comhlachtaí seo a leanas:

- An Coiste Feidhmiúcháin, an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha;
- An Grúpa Rialachais Eacnamaíoch, an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha; agus
- An Bord Comhairliúcháin ar Lonsamhlú Beartais Nuálaíochta don Gheilleagar Cliste (IPSE), UCD.

Tugadh cuireadh don Stiúrthóir le bheith ina aoichainteoir agus ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo leanas:

- ‘Carbon and Sustainability Seminar’, Cumann Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, an 16 Eanáir.
- ‘Reframing the Climate Change Challenge’, Institiúid Kennedy, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, an 25 Eanáir.
- ‘Ireland in Europe after 40 years’, Scoil Samhraidh Garret Fitzgerald, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, an 8 Feabhra.
- The 5th National Renewable Energy Summit, IQuest, an 14 Márta.
- ‘The History of Irish Emigration and Its Future’, Siompóisiam Choláiste na Tríonóide, an 10 Aibreán.
- EUROsociAL, Support Workshop for Latin American ESCs, CES na Spáinne, Maidrid, an 11 Aibreán.
- Cruinniú comhchéime ar Athrú Aeráide, IBEC, an 18 Aibreán.
- ‘New Deals in the New Economy’, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, an 1 Bealtaine.
- Cuairt Staidéir leis an IIEA ar an Institiúid do Thaighde Tionchair Aeráide, Potsdam, an 8 Bealtaine.
- Comhchoiste an Oireachtais ar Chomhshaol, Cultúr agus an Ghaeltacht, an 21 Bealtaine.
- Cruinniú Chomhairlí Líonra Fhorbairt Inbhuanaithe na hEorpa (EEAC), Beirlín, an 23 Bealtaine.
- An naoú Comhdháil Bhliantúil de chuid na hÉireann ar an gComhshaol, an EPA agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an 12 Meán Fómhair.

- ‘New Economic Governance in the European Union’, ESC an Spáinn, Valencia, an 3 Deireadh Fómhair.
- ‘Global Experimentalist Governance Workshop’, Watson Institute for International Studies, Brown University, Rhode Island, USA, an 14 – 16 Samhain.
- Seimineár Ardleibhéal Réigiúnach EUROsociAL, ar ‘Economic and Social Councils and Consensus Making in Europe and Latin America’, ESC na Spáinne, Guatamala, an 18 – 20 Samhain.

Bhí an **Dr. John Sweeney**, an tAnailísi Beartais Sinsearach ina chomhalta ar na comhlachtaí seo leanas:

- An Grúpa Comhairleach ar Cháin agus ar Leas Sóisialach;
- An Bord Cláir Gníomhaireachta agus Idir-rannach ar Bhealaí chun na hOibre; agus
- Bord *Young Ballymun*;

Bhí an Dr. Sweeney ina Shaineolaí Náisiúnta don Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) in ullmhú na tuarascála - *Local Job Creation: How Employment and Training Agencies Can Help* (Meán Fómhair). Chomh maith leis sin, rinne sé taighde agus scríobh sé *A Strategic Review of Further Education and Training and the Unemployed* (Samhain) don Roinn Oideachais agus Scileanna, tuarascáil arna cur faoi bhráid an Troika, faoi Chlár na hÉireann. Chomh maith le cuir i láthair a dhéanamh ar na tuarascálacha seo do ghrúpaí faoi leith ar feadh na bliana, rinne an Dr. Sweeney cur i láthair ag:

- An chéad chomhdháil den Bhord Oideachais agus Oiliúna (ETBI), ‘Workforce Development and the ETBs’, an 19 Samhain.

Bhí an **Dr. Helen Johnston**, Anailísi Beartais Sinsearach, ina comhalta ar na comhlachtaí seo a leanas:

- An Lárionad um Staidéar Trasteorann (Cathaoirleach);
- An Grúpa Comhairleach Teicniúil ar Tháscairí agus ar Shonraí Bochtaineachta;
- Grúpa Comhairleach Measúnachta *Tallaght West Child Development Initiative*; agus
- Lónra Feidhmithe an Lárionaid do Sheirbhísí Éifeachtacha.
- Bhí sí ina haoichainteoir ag na himeachtaí seo a leanas:
- An Lónra Feidhmithe - ‘The Determinants of Implementation: The Case of Ireland and Mental Health Policy’, (Feabhra);

- An Comhdháil ar Fheidhmiú Domhanda, Washington DC (Lúnasa); agus
- Comhdháil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Dhlí-Chumann na hÉireann ar ‘Challenges for Human Rights in the 21st Century’ (Deireadh Fómhair).

Bhí an **Dr. Larry O’ Connell** (Eacnamaí Sinsearach) ina aoichainteoir nó ina rannpháirtí ag na himeachtaí seo a leanas:

- Comhdháil UNESCO, ‘How to create a Foresight Culture’, Páras, an 15 Feabhra;
- Comhdháil Carbon Disclosure Project Ireland, ‘Ireland and the Climate Change Challenge’, an 29 Aibreán; agus
- Cruinniú Mullaigh Infheistíochta agus Nuálaíochta Cleantech, an 20 – 21 Samhain.

Bhí na poist seo a leanas ag an **Dr. Anne-Marie Mc Gauren**, Anailísí Beartais:

- Rúnaí Cuideachta agus Comhalta ar Bhord One Family;
- Ánra Taighde ar Cuairt ag Lárionad Léann na mBan, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath;
- Cathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an HSE;
- Comhalta den ghrúpa shaineolaithe ar phríomhshruthú inscne ag Institiúid Phríomhshruthú Inscne na hEorpa;
- Comhalta den Ghrúpa Stiúrtha *Menter Iontach Nua DCU*, (clár chun cur leis an acmhainn i bhfiontraíocht shóisialta); agus

Chomh maith leis sin, rinne sí cur i láthair ar ‘The Challenge of Ageing Societies: International Perspectives and Lessons for Ireland’ ag an Fourth Age Trust Workshop, an 12 Nollaig.

Caibidil 3

Beartais Chuntasaíochta NESDO

Beartais Chuntasaíochta

3.1.1 Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, seachas sa chás ina ndéantar a mhalairt a lua.

3.1.2 Aithint Ioncaim

Aithnítear Deontas i gCabhair a fhaightear ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid.

Aithnítear an t-ioncam a fhaightear ó dhíolachán foilseachán agus ó ioncam comhdhála nuair a dhéantar sonrasc ina leith. Má léirítear nach féidir na hairgid a fháil, déanfar foráil maidir le fiacha amhrasacha.

Comhoibríonn NESDO le heagraíochtaí eile ar thionscadail chomhchistithe a d'fhéadfadh seasamh níos faide na haon bhliain amháin. Déantar an t-ioncam sin a aithint ar bhonn fáltais airgid.

3.1.3 Airgeadra Eachtrach

Déantar idirbhearta in airgeadraí seachas an euro a thaifeadadh ag na rátaí arna rialú ar dháta na n-idirbheart nó ar dháta conraithe. Aistrítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais go euro ar dháta an chláir comhardaithe nó ar dháta conraithe. Déileáiltear le difríochtaí sa ráta malairte sa Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3.1.4 Sócmhainní Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas sócmhainní inláimhsithe a díscríobh dá luachanna iarmharacha beartaithe ar feadh a saolré ionchais le tráthchodanna bliantúla cothroma.

Bíonn saolré ionchais sócmhainní inláimhsithe a meastar trí thagairt don dímheas a ríomhtar mar a leanas:

- Troscán: 5/10 mbliana
- Trealamh: 5 bliana.

Aoisliúntas

Bhí roinnt socruithe éagsúla maidir le pinsean na bhfoirne ar bun cheana féin. Bhí seisear chomhaltaí foirne, a bhí fostaithe leis an NESC roimh ré, ag fáil liúntas de 16 2/3% in ionad aoisliúntais. Dá réir sin, níl aon dliteanas maidir le pinsin do na comhaltaí foirne sin, cé go raibh an rogha acu a bheith rannpháirteach sa scéim d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe, faoi réir téarmaí agus coinníollacha.

Faoi dheireadh 2013, roghnaigh triúr de na comhaltaí foirne páirt a ghlacadh sa scéim, agus an liúntas pinsin agus na híocaíochtaí aisghníomhacha a aisíoc le hús iolraithe leis an Scéim do Chéilí agus Leanaí. Mar thoradh, bhí 12 chomhalta foirne ar an Scéim Pinsin Neamhranníocach d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe, leis na ranníocaíochtaí pinsin iomchuí arna n-asbhaint óna dtuarastail agus á n-íoc le Roinn an Taoisigh. Le linn 2014, ghlac an triúr comhaltaí foirne a bhí ag fáil an liúntais phinsin páirt sa scéim chomh maith.

Tá ceathrar comhaltaí foirne ar iasacht ó Ranna Rialtais eile atá faoi chumhdach na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm sna Ranna sin. Cuireann na Ranna Rialtais iomchuí sonrasc chuig NESDO i leith tuarastail, Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (PRSI) na gcomhaltaí agus i leith aoisliúntais do na comhaltaí foirne. Bíonn na sonraisc sin arna bhfabhrú ar bhonn míosúil agus curtha síos ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Bíonn an Roinn iomchuí freagrach as an bpárolla agus as an bhfeidhm aoisliúntais maidir leis na comhaltaí foirne i gceist.